


# Gníomhaíochtaí Daltaí: Tógáil 1

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach "Tógáil 1" ar CD an Dalta.

Tógáil 1: Chun an déroinnteoir a thógáil i gcás uillinn ar bith a tugadh, gan ach corr dhíreach agus compás a úsáid.



1. Bog an sleamhnán faoi dheis ar an gcomhad idirghníomhach, ionas go mbeidh an uillinn  $AOB = 110^\circ$ .

An bhfuil na huillinneacha AOP agus BOP cothrom le chéile? \_\_\_\_\_

Ar déroinneadh an uillinn AOB? \_\_\_\_\_


2. Bog an sleamhnán faoi chlé ar an gcomhad idirghníomhach, ionas go mbeidh tomhas na huillinne AOB cothrom le  $60^\circ$ .

An bhfuil tomhas na huillinne AOP cothrom le tomhas na huillinne BOP? \_\_\_\_\_


Ar déroinneadh an uillinn AOB? \_\_\_\_\_

3. Déroinn na huillinneacha thíos. Tomhais na huillinneacha nua ansin, lena fhíorú go bhfuil an déroinnt déanta i gceart.

(i)



(ii)



4. Déroinn na ceithre uillinn seo uile, leis an líon is lú línte agus stuanna.

